



A Phríomhoide, a Mhúinteoirí, a Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus a Bhaill de Phobal na Scoile,

Tá súil agam go bhfuil do chuid oibre ag dul chun cinn go maith agus tú ag tosú ar théarma deiridh na scoilbhliana seo. San uasdátú seo ón gCigireacht, ba mhaith liom tú a chur ar an eolas faoi chuid de na hathruithe a thugamar isteach le déanaí inár gcuid oibre. Roinneamar agus phléamar na hathruithe seo leis na comhpháirtithe oideachais agus muid ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le chéile lenár gcleachtais mheastóireachta a fhorbairt.

Béim a leagan ar fheabhsú agus ar fheabhas

Rinneamar uasdátú ar ár dtreoracha cigireachta foilsithe an mhí seo caite. Ba é an t-athrú ba mhó ná go ndearna muid athbhreithniú ar an gContanam Cáilíochta a bhíonn in úsáid ag cigirí agus measúnú á dhéanamh acu ar ghnéithe d'obair scoile le linn cigireachta.

Tá leibhéal "Ar fheabhas" sa chontanam athbhreithnithe anois, rud a chuirfidh ar chumas cigirí cleachtas eiseamláireach a aithint agus aitheantas a thabhairt dó.

Táimid tiomanta d'fhorbairt leanúnach agus d'fheabhsú an tsoláthair oideachais. Mar thoradh, táimid tar éis díriú níos mó ar fheabhsú, trí theidil agus tuairisceoirí an dá leibhéal níos ísle den Chontanam Cáilíochta a choigeartú, is iad sin:

- Teastaíonn feabhas chun caighdeán maith a bhaint amach, agus
- Teastaíonn feabhas suntasach chun caighdeán maith a bhaint amach.



Cliceáil ar íomhá an chontanaim cáilíochta chun rochtain a fháil ar an treoir uasdáithe maidir le cigireacht.

Rannpháirtíocht na leanaí sa chigireacht a fheabhsú

Táimid ag obair le leanaí le blianta beaga anuas chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirimid san áireamh iad i gcigireachtaí. Léiríodh dúinn leis an obair seo gur mhaith le leanaí go roinnfidimid eolas leo tar éis cigireachta. Mar sin, rinneamar triail ar leathanach le haghaidh leanaí i dtuairiscí cigireachta, ina ndéantar cur síos ar thorthaí agus ar mholtaí na príomhthuaisce, ag baint úsáid as teanga chuí agus atá oiriúnach do leanaí. Bhí an t-aiseolas ó scoileanna agus ó leanaí sa triail cabhrach agus dearfach araon. Táimid ag tosú anois ar leathanach na leanaí a thabhairt isteach de réir a chéile i roinnt tuairiscí Meastóireachta Curaclaim (MC). Tugtar tuairim duit faoin gcuma a bheidh ar an leathanach sin san íomhá thíos.

Tuairisc achomair le haghaidh daltaí
[Ainm na Scoile] faoi a gcuid foghlama [sa/san Ábhar]
[Data an chigireachta]

Réamhrá
Rinneadh cigireacht ar [an Ábhar] i do scoil le déanaí. Déantar cur síos sa tuairisc achomair seo ar an méid a chonaic an cigirena cigirí agus tugtar smaoint ann faoi na rudaí a d'fhéadfadh an scoil a dhéanamh chun an fhoghlaim [sa/san Ábhar] a fheabhsú.

Cruinniú le daltaí
Thug an cigirena cigirí cuairt ar sheomraí ranga agus labhair an cigirena cigirí leis na daltaí faoin obair a bhí ar siúl acu. Bhuaic an cigirena cigirí le grúpa fócais daltaí freisin chun éisteacht lena raibh le rá acu faoina gcaid foghlama agus faoina n-éispéreas ar scoil.

Cad a d'fhoghlaim an cigirena cigirí faoi do scoil?
Chonaic an cigirena cigirí go leor rudaí i do scoil le linn na cigireachta. Seo roinnt de na príomhrudaí:

- Ama chur isteach ag an gcigire
- Ama chur isteach ag an gcigire
- Ama chur isteach ag an gcigire

Cad a d'fhéadfadh an scoil a dhéanamh chun an fhoghlaim [sa/san Ábhar] a fheabhsú

- Ama chur isteach ag an gcigire
- Ama chur isteach ag an gcigire
- Ama chur isteach ag an gcigire

Go raibh maith agat as an am a ghlacadh chun an tuairisc seo a léamh. Gabhann an Chigireacht buíochas speisialta leis na daltaí a ghlac páirt sa ghrúpa fócais.

Tá cuid dár n-acmhainní eile le haghaidh leanaí ar fáil [anseo](#).

Tuarascálacha téamacha

Le déanaí, d'fhéachamar ar théama an ionchuimsithe i gcuid dár gcigireachtaí. I roinnt scoileanna, bhailíomar eolas faoi chaighdeán an oideachais le haghaidh leanaí ón Úcráin agus le haghaidh leanaí atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise.

Ansin d'fhoilsíomar tuarascálacha téamacha ina dtugtar breac-chuntas ar ár dtorthaí foriomlána. D'fhoilsíomar tuarascáil ar leithligh ina ndéantar cur síos ar chaighdeán an oideachais le haghaidh leanaí a d'fhreastail ar chlár samhraidh in 2023. Léiríonn na tuarascálacha seo céard iad na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo agus tugtar moltaí iontu do scoileanna agus don chóras oideachais.

Tá na tuarascálacha ar fáil [anseo](#).



Cineáltas agus cigireacht



Tá samhail chigireachta á forbairt againn faoi láthair ina ndéantar meastóireacht ar a mhéid atá straitéisí cuí i bhfeidhm ag scoil chun folláine a chur chun cinn, bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi, agus cultúr scoile dearfach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn. Tá sé seo ar cheann de na gníomhartha i bplean forfheidhmithe na Roinne le haghaidh *Cineáltas: An Plean Gníomhaíochta um Bulaíocht*.



Cuirfear tús le comhairliúchán faoin tsamhail nua chigireachta seo an téarma seo, agus rinneadh an obair déanta go dtí seo i gcomhar le múinteoirí, ceannairí scoile agus leanaí i roinnt bunscoileanna.

Leathanach baile nua Cigireachta ar gov.ie



Tá leathanach baile nua Cigireachta cruthaithe againn, ar fáil ag www.gov.ie/ROCigireacht.



Tá súil againn go gcabhróidh sé seo leat rochtain a fháil ar ár n-ábhair fhoilsithe ar bhealach níos éasca le húsáid.

Taispeántar san íomhá thíos na catagóirí éagsúla foilseachán ar an leathanach baile seo.



Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a raibh baint againn leo, san obair chigireachta, chomhairleach agus forbartha a rinneamar go dtí seo i mbliana. Tá an cur chuige comhpháirtíochta seo, bunaithe ar mheon comhurráime agus cómhálartachta, an-tábhachtach dúinn agus is rud é a bhfuil meas mór againn air.

Agus muid ag dul isteach i dtéarma deiridh na scoilbhliana 2023-2024, ba mhaith liom gach rath a ghuí ar gach leanbh, cúntóir riachtanas speisialta, múinteoir, ceannaire scoile agus pobal scoile, don chuid eile den scoilbhliain seo.



Le gach dea-mhéin,

Yvonne Keating

Yvonne Keating,
Príomhchigire

<http://>

Naisc
úsáideacha

- Tá tuairiscí cigireachta scoile ar fáil [anseo](#).
- Tá foilsiúcháin na Cigireachta ar fáil [anseo](#).